Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**10224/22**

**SOC 383**
**EMPL 260**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú<br>Ceapachán Marion PAJUMETS, comhalta malartach don Eastóin, in ionad Ester RÜNKLA, atá éirithe as |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas faoi Ester RÜNKLA a bheith éirithe as a cúram mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na rialtas (an Eastóin).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na hEastóine don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023:

Marion PAJUMETS
Research Adviser
Analysis and Statistics Department
Ministry of Social Affairs of Estonia
Seoladh: Suur-Ameerika 1, 10122 Taillinn, an Eastóin
Teileafón: +372 626 9164
Ríomhphost: marion.pajumets@sm.ee

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 25 Meitheamh 2019[3], an 8 Iúil 2019[4], an 16 Meán Fómhair 2019[5] agus an 14 Meitheamh 2021[6], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán mar chomhalta malartach i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Ester RÜNKLA as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hEastóine don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.
2 IO C 135, 11.4.2019, lch. 1.
3 IO C 216, 27.6.2019, lch. 1.
4 IO C 232, 10.7.2019, lch. 3.
5 IO C 314, 18.9.2019, lch. 2.
6 IO C 234 I, 17.6.2021, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Marion PAJUMETS ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú in ionad Ester RÜNKLA, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., an ...

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán